www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2017

# Irish

## Unit 3: Listening

## Higher Tier

**[GIR32]**

**THURSDAY 11 MAY, MORNING**

# TRANSCRIPT

Audio "beep" to precede each question

Questions 1 – 4 insert 7 and 12 second pauses

Questions 5 – 9 insert 9 and 12 second pauses

www.xtrapapers.com

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Secondary Education, 2017
Irish, Unit 3, Listening, Higher Tier

You will now be allowed 5 minutes to read through the paper, before the first question starts.

*Pause 5 minutes*

The five minute reading period has now finished and the examination will now begin. Please open your paper at question 1.

In this section you will hear a number of pieces of Irish. You should listen to these very carefully. Read each question carefully. Complete your answer by listening to the recording and following the instructions given in the question paper. You will hear each section twice.

1 You hear a Home Economics teacher talking.

*F* – Cuir gach rud atá de dhíth ort ar an tábla.
Faigh pota mór agus scian ar dtús.
Anois faigh an bia. Gabh chuig an chófra agus faigh prátaí, oinniún amháin, cairéid, salann agus piobar. Gabh chuig an chuisneoir agus tóg amach feoil.

*Pause 7 seconds and repeat*

*F* – Bain an craiceann de na prátaí, de na cairéid agus den oinniún. Gearr na glasraí i bpíosaí. Bí cúramach nuair a bhaineann tú úsáid as an scian.

*Pause 7 seconds and repeat*

*F* – Cuir na glasraí uilig agus an fheoil sa phota. Cuir salann agus piobar isteach chomh maith. Ansin cuir gloine uisce sa phota agus cuir ar theas íseal ar an sorn é.

*Pause 7 seconds and repeat*

*F* – Bíonn an dinnéar seo iontach blasta. Is maith liom an dinnéar seo a ithe sa gheimhreadh.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

2 Aoife and her brother discuss plans for Aoife's trip to visit him in Liverpool.

*M* – A Aoife, beidh sé deas tú a fheiceáil Dé Sathairn.

*F* – Tá mé ag súil go mór leis an turas. Beidh sé suimiúil cathair eile a fheiceáil.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – An dtiocfadh leat cúpla rud a thabhairt leat ón bhaile?

*F* – Cinnte. Cad é a ba mhaith leat?

*M* – Tá puball faoin leaba i mo sheomra leapa. An dtiocfadh leat an puball a thabhairt leat mar beidh mé ag dul ag campáil le mo chairde?

*F* – Maith go leor. Cad é eile atá de dhíth ort?

*M* – Imrím iománaíocht anois don chlub atá sa cheantar agus tá camán de dhíth orm.

*F* – Fadhb ar bith.

*Pause 7 seconds and repeat*

*F* – Ní maith liom taisteal in eitleán.

*M* – Ná bí buartha. Beidh tú ceart go leor. Feicfidh mé thú ag an aerfort Dé Sathairn.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

3 Lára and Seán discuss university life.

*M* – A Lára, chuala mé go bhfuil tú ag freastal ar ollscoil i mBaile Átha Cliath anois.

*F* – Tá an ceart agat, a Sheáin. Thosaigh mé ar an chúrsa anuraidh agus taitníonn sé go mór liom.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – Cén cúrsa a dhéanann tú?

*F* – Déanaim cúrsa innealtóireachta. Is innealtóir m'athair agus dúirt sé go bhfuil obair ar fáil. Ba mhaith liomsa bheith ag obair mar innealtóir fosta.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – Bhí mé féin ag smaoineamh ar dhul go Baile Átha Cliath ach dúirt mo chara go bhfuil an saol iontach costasach i mBaile Átha Cliath.

*F* – Is fíor sin ach is maith liom Baile Átha Cliath mar bíonn saoirse agam ansin. Cad é mar atá an saol agat féin?

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – Tá mé go maith. Tá cúpla mí eile le déanamh agam ar an choláiste i mBéal Feirste. Tá súil agam go mbeidh mé ag obair thar lear ar an bhliain seo chugainn.

*F* – Tabharfaidh mé cuairt ort.

*M* – Maith go leor.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

4 Two friends discuss school.

*M* – A Eithne, an maith leat an scoil seo?

*F* – Is maith. Nach maith leatsa an scoil?

*M* – Níl dúil dá laghad agam sa scoil.

*F* – Sílim go bhfuil an t-ádh orainn mar is scoil nua í seo agus tá neart áiseanna againn.

*M* – Tá an ceart agat ach tugann na múinteoirí barraíocht oibre dúinn. Ní maith liom an brú atá orainn.

*F* – Tá na múinteoirí ag iarraidh cuidiú linn.

*M* – Tá tusa ceart go leor. Fuair tusa duais anuraidh do na marcanna is airde sna scrúduithe. Níor éirigh go ró-mhaith liomsa sna scrúduithe.

*F* – Rinne mé cuid mhór oibre.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – Ní maith liom an príomhoide nua. Tá sé ró-dhian. Tá a lán rialacha aige.

*F* – Briseann tusa na rialacha go minic. Téann tú amach ag am lóin agus ní chaitheann tú carbhat.

*M* – Sílim nach bhfuil ciall ar bith leis na rialacha agus tá an éide scoile gránna.

*F* – An maith leat rud ar bith faoin scoil?

*M* – Tá mo chroí istigh sa spórt agus imrím ar an fhoireann cispheile. Is mise an captaen. Tá bród orm as an fhoireann.

*F* – Is maith an rud é sin.

*M* – Is fuath liom bheith i mo shuí i seomra ranga. Is fearr liom bheith amuigh ar na páirceanna imeartha.

*F* – Ní duine spórtúil mé ach tuigim sin.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

5 You hear a conversation in a street in Belfast.

*F* – Gabh mo leithscéal, a dhuine uasail. Tá mé caillte. An dtig leat cuidiú liom?

*M* – Thig, cinnte. Cá bhfuil tú ag dul?

*F* – Is turasóir mé agus tá mé ar laethanta saoire anseo. Ba mhaith liom dul chuig an oifig fáilte.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – Gabh díreach ar aghaidh. Tá an oifig fáilte ag barr na sráide.

*Pause 9 seconds and repeat*

*F* – Maith go leor. Tá leabhar turasóireachta agam ach níl léarscáil agam. Ba mhaith liom léarscáil a fháil.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – Molaim duit dul chuig Iarthar Bhéal Feirste leis na ballaí a fheiceáil. Léiríonn na pictiúir atá ar na ballaí stair na háite. Tá clú agus cáil orthu.

*F* – Sin smaoineamh maith. Go raibh maith agat.

*Pause 9 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

6 Niamh and her friend talk about the weekend.

*M* – Bhí oíche mhór againn ag cóisir na Samhna sa chlub óige Oíche Shamhna. Is trua nach raibh tú ann, a Niamh.

*F* – Bhí mise i nDoire le mo theaghlach. De ghnáth téim ansin agus taitníonn sé go mór liom. Tagann na mílte daoine go Doire gach bliain leis na tinte ealaíne a fheiceáil.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – An raibh sibh ag stopadh in óstán?

*F* – Ní raibh. Bíonn sé iontach deacair seomra a fháil ag an am seo den bhliain. Bhí muid ag stopadh ag mo sheanmháthair. Tá teach mór aici agus tá sí ina cónaí léi féin. Tá neart spáis sa teach.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – Cad é a rinne sibh maidin lá arna mhárach?

*F* – Bhí muid tuirseach go leor ach d'éirigh muid go luath agus chuaigh muid uilig ar Aifreann. Téann mo sheanmháthair ar Aifreann gach maidin. Sílim go bhfuil sí uaigneach agus is maith léi bualadh lena cairde ag an séipéal.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – Ar tháinig sibh abhaile Dé Domhnaigh?

*F* – Tháinig. Bhí an turas millteanach. Mhair sé dhá uair go leith. Bhí an trácht iontach trom. Bhí a lán gluaisteán ar an bhóthar.

*Pause 9 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

7 Two friends talk about a robbery.

*M* – A Eilís, ar chuala tú faoin robáil a tharla ar maidin?

*F* – Níor chuala.

*M* – Bhris robálaí isteach i monarcha ar imeall an bhaile.

*F* – Tá sin millteanach.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – Nuair a chuaigh an bainisteoir chuig an mhonarcha ar maidin bhí fuinneog briste agus bhí an doras mór ar oscailt. Ní dheachaigh an bainisteoir isteach. D'fhan sé sa charr agus chuir sé scairt ar na gardaí.

*Pause 9 seconds and repeat*

*F* – Cad é a tharla ansin?

*M* – Rith an robálaí amach agus mála mór leis. Bhí sé measartha dorcha ag an am agus mar sin de ní raibh an bainisteoir in ann é a fheiceáil go soiléir. Dúirt sé go raibh sé meánaosta ach gur rith sé go gasta.

*Pause 9 seconds and repeat*

*F* – Ar tháinig na gardaí?

*M* – Tháinig siad go gasta agus rug siad ar an robálaí. Dúirt siad go raibh sé iontach contúirteach mar go raibh gunna aige.

*F* – Ar ghoid sé rud ar bith?

*M* – Ghoid sé airgead ach fuair na gardaí ar ais é.

*Pause 9 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

8 You hear a radio presenter talking to a representative from Trócaire.

*F* – Seo Síle Ní Néill ag teacht chugaibh beo ón stiúideó. Tá Eoghan Mac Muiris ón eagraíocht Trócaire liom inniu. Fáilte romhat, a Eoghain.

*M* – Go raibh maith agat, a Shíle. Tá áthas orm go bhfuil seans agam labhairt faoin obair a dhéanann Trócaire. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le muintir na tíre seo as an tacaíocht a thugann siad dúinn.

*Pause 9 seconds and repeat*

*F* – Cén sórt oibre a dhéanann Trócaire?

*M* – Tá an timpeallacht ag athrú agus bíonn fadhbanna ag a lán tíortha mar tarlaíonn tubaistí nádúrtha a bhaineann leis an aimsir. Cuidíonn Trócaire leis na daoine atá ina gcónaí sna tíortha sin.

*Pause 9 seconds and repeat*

*F* – An gcuidíonn Trócaire le daoine ar fud an domhain?

*M* – Cuidíonn. Chuir an Eaglais Chaitliceach Trócaire ar bun sa bhliain míle, naoi gcéad seachtó a trí, le domhan níos fearr a chruthú do gach duine. Tá cuid mhór oibre déanta againn ach tá neart le déanamh go fóill.

*Pause 9 seconds and repeat*

*F* – An féidir le Trócaire an domhan a athrú, i ndáiríre?

*M* – Is féidir, ach tá ról ag gach duine san obair. Tá sé iontach tábhachtach go dtuigeann na daoine óga na fadhbanna atá ag daoine i dtíortha eile. Tugann Trócaire pacáistí oideachais do scoileanna le cuidiú leis an obair a dhéanann siad.

*Pause 9 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

9 You hear Nóra talking about her job.

*M* – Bhuel, a Nóra? Ní fhaca mé thú le fada.

*F* – Ní fhaca mar tá mé ag obair i Sasana anois. Tá mé sa bhaile don deireadh seachtaine.

*M* – Nach bhfuair tú post anseo?

*F* – Ní bhfuair. Is poitigéir mé agus tá sé iontach deacair post a fháil i siopa poitigéara anseo.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – Shíl mé go raibh tú ag obair i dTír Eoghain.

*F* – Bhí. Ach ní raibh mé sásta mar post páirtaimseartha a bhí ann. Ní raibh mé ag obair ach cúpla lá gach seachtain. Agus rud eile, ní raibh an t-airgead maith.

*M* – Tuigim.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – An raibh sé furasta obair a fháil i Sasana?

*F* – Bhí. Fuair mé post sealadach don bhliain seo.

*M* – Maith thú. Agus cad é faoin bhliain seo chugainn?

*F* – Tá súil agam go dtabharfaidh siad post buan dom. Ba mhaith liom post le conradh buan a fháil.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – An maith leat an obair?

*F* – Is maith. Bím ag obair le daoine agus is maith liom sin. Tagann a lán custaiméirí isteach i siopa poitigéara le comhairle a fháil. Bíonn siad gnóthach agus ní bhíonn seans acu dul chuig an dochtúir.

*Pause 9 seconds and repeat*

www.xtrapapers.com

*M* – Is dócha go bhfuil scileanna speisialta de dhíth ort. Cad é an scil is tábhachtaí?

*F* – Bhuel, tá na scileanna cumarsáide uilig iontach tábhachtach. Is é an scil is tábhachtaí ar fad acu ná bheith ábalta éisteacht le daoine.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – An mbíonn níos mó daoine ag teacht isteach ag an am seo den bhliain?

*F* – Bíonn. Ní raibh sos ar bith agam inné mar tháinig a lán seandaoine isteach agus bhí orm instealladh fliú a thabhairt dóibh.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – Is dócha go bhfuil tú tuirseach inniu.

*F* – Bím tuirseach gach lá mar bím i mo sheasamh an t-am ar fad. Níl cead agam suí síos nuair a bhím ag obair.

*M* – Tá sin millteanach.

*Pause 9 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

This is the end of the recording.